BEARTAS UM CHOSAINT & LEAS LEANAÍ Á FHORBAIRT: ACMHAINN DO NA SEIRBHÍSÍ LUATHBHLIANTA

CLÁR NÁISIÚNTA NA LUATHBHLIANTA UM CHOSAINT LEANAÍ

Tá sé beartaithe go mbeidh an Acmhainn seo mar thacaíocht do na seirbhísí luathbhlianta chun a mBeartas um Chosaint agus Leas Leanaí féin a fhorbairt. Tá an acmhainn deartha le cur in oiriúint don struchtúr bainistíochta, do líon na bhfostaithe, d'aois na leanaí sa tseirbhís agus do bheartais agus nósanna imeachta eile atá i bhfeidhm sa tseirbhís.

Is treoir amháin atá i gceist leis an doiciméad seo agus ní thógann sé áit comhairle dlí ná aon chomhairle eile.

Tá an fhaisnéis i gceart ón dáta foilsithe. Tá sé fós de fhreagracht na seirbhíse a chinntiú go gcomhlíonann a mBeartas um Chosaint agus Leas Leanaí na riachtanais uile iomchuí.

Coiste Náisiúnta Tús Áite do Leanaí do na Luathbhlianta, arna fhoilsiú i mí an Mhárta 2015, Arna nuashonrú i mí Lúnasa 2016



Clár an Ábhair

		Leathanaigh
	Réamhrá	4
	Do Bheartas á Fhorbairt	5
	Do Bheartas á Chur i bhFeidhm	6
	An Acmhainn seo in Úsáid	7
	Seicliosta Beartais um Chosaint Leanaí	8
1	Ráiteas Beartais um Chosaint agus Leas Leanaí	9
2	Ról an Teagmhálaithe Ainmnithe	11
3	Ag Aithint, Ag Freagairt Agus Ag Tuairisciú Maidir le Leas Linbh nó Drochúsáid a D'fhéadfadh a bheith ann	12
4	Ráiteas Rúndachta	17
5	Líomhaintí Drochúsáide Nó Faillí i gCoinne Fostaithe	17
6	Taifid á gCoimeád	19
7	Cód Iompraíochta	20
8	Earcaíocht Shlán	23
9	Ionduchtú, Oiliúint Agus Maoirseacht/Tacaíocht	24
10	Ag freagairt do Ghearáin	25
11	Bainistíocht ar Thurais Lae /Thurais ón Seirbhís	27
12	Ag Déileáil le Timpistí Nó Teagmhais	29
13	Beartas Meán Sóisialta	30
14	An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015	31
15	Liosta Aguisíní	33

Réamhrá

Aidhm na hAcmhainne seo

Príomhghné maidir le cosaint leanaí éifeachtach is ea Beartas um Chosaint agus Leas Leanaí atá daingean docht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. An aidhm atá leis an treoir seo ná tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí luathbhlianta chun a mBeartas um Chosaint agus Leas Leanaí a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus chun athbhreithniú a dhéanamh air.

Fuarthas an fhaisnéis sa doiciméad seo ó: *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*[1] *agus Ár nDualgas Cúraim – Prionsabail an Dea-Chleachtais chun Cosaint a thabhairt do Leanaí agus do Dhaoine Óga*[2], Tabharfaidh sé tacaíocht do sheirbhísí chun beartais a fhorbairt a thagann leis an dá dhoiciméad.

Cé dóibh a bhfuil an acmhainn seo?

- Seirbhísí cúraim lae iomláin
- Seirbhísí seisiúnacha
- Seirbhísí iarscoile
- Seirbhísí réamhscoile
- Seirbhísí buaileadh isteach



Moltar an acmhainn seo a úsáid i dteannta iad seo a leanas:

- *Tús Áite do Leanaí*
- *Ár nDualgas Cúraim*
- *Lámhleabhar Cleachtais um Chosaint agus Leas Leanaí*[3]
- *Treoir Eatramhach d'Fhorbairt an Bheartais, na Nósanna Imeachta & na gCleachtas um Chosaint agus Leas Leanaí*[4]

Rialacháin Cúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006:

Léirítear an tábhacht a bhaineann le cosaint leanaí i suíomhanna luathbhlianta sna rialacháin cúram leanaí ina n-éilítear gur chóir don tsoláthraí seirbhíse forbairt a dhéanamh ar threoirlínte soiléire i scríbhinn maidir le drochúsáid leanaí a aithint agus a thuairisciú laistigh den chreat de *Tús Áite do Leanaí*.

[1] An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2011. Ar fáil ar www.tusla.ie.
[2] An Roinn Sláinte agsu Leanaí, 2002. Ar fáil ar www.tusla.ie.
[3] Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, 2011. Ar fáil ar www.tusla.ie.
[4] Tusla, An Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach, 2014. Ar fáil ar www.tusla.ie.

Do Bheartas á Fhorbairt

Céim 1	Socraigh cé a dhéanfaidh an beartas a fhorbairt	Cé atá chun an beartas a fhorbairt? An bainisteoir, úinéir na seirbhísí, coiste deonach bainistíochta nó grúpa oibre? Cé hiad na páirtithe leasmhara? Cé lenar gá dul i gcomhairle?
Céim 2	Déan measúnú ar stádas reatha do bheartais um chosaint leanaí	Má tá beartas um chosaint leanaí agat cheana féin, déan athbhreithniú air ag baint úsáide as an bhfaisnéis san acmhainn seo. Cad iad na míreanna atá agat cheana féin? Cad iad na míreanna nach mór a athscríobh? Conas atá ceangal idir an cleachtas reatha agus do bheartas um chosaint leanaí?
Céim 3	Dréachtaigh an beartas	Bain úsáid as an bhfaisnéis san acmhainn seo chun do bheartas agus nósanna imeachta féin a fhorbairt. Bain úsáid as an seicliosta ar lch. 8 lena chinntiú go bhfuil na míreanna uile ábhartha agat. Ná déan dearmad ar na haguisíní!
Céim 4	Téigh i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara	Roinn an dréachtbheartas leis an bhfoireann, oibrithe deonacha, tuismitheoirí, an bhainistíocht agus an coiste deonach bainistíochta (de réir mar is cuí).
Céim 5	Daingnigh an Beartas	Ba chóir don ardbhainistíocht nó don choiste deonach bainistíochta glacadh leis an mbeartas nó é a dhaingniú go foirmiúil, de réir mar is cuí.
Céim 6	Cuir an beartas i bhfeidhm	Leag amach plean don chur i bhfeidhm le haghaidh do sheirbhíse. Féach lch. 6 le haghaidh roinnt smaointe maidir le cur i bhfeidhm.
Céim 7	Déan athbhreithniú ar do bheartas	Déan athbhreithniú ar do bheartas gach 2 bhliain nó níos luaithe más rud é gur tharla teagmhas. Déan measúnú agus meastóireacht air má tá sé á chur i bhfeidhm agus má tá sé ag feidhmiú. Is áis úsáideach í *Treoir Eatramhach d'Fhorbairt an Bheartais, na Nósanna Imeachta & na gCleachtas um Chosaint agus Leas Leanaí le hathbhreithniú a dhéanamh.*

Do Bheartas á Chur i bhFeidhm



Beidh a fhios agam go bhfuil an beartas seo á chur i bhfeidhm:

- Nuair atá an beartas léite agus sínithe ag na mic léinn, fostaithe agus oibrithe deonacha uile
- Nuair a thugtar eolas do na tuismitheoirí maidir leis an mbeartas ag cruinnithe ionduchtaithe[6]
- Nuair atá an Beartas um Chosaint agus Leas Leanaí mar chuid den phróiseas ionduchtaithe d'fhostaithe, mic léinn agus oibrithe deonacha nua
- Nuair a cheaptar Teagmhálaí Ainmnithe agus Teagmhálaí Ionaid um chosaint leanaí
- Nuair atá a fhios ag na daltaí, fostaithe, oibrithe deonacha agus tuismitheoirí uile cé hé/hí an Teagmhálaí Ainmnithe
- Nuair a chuirtear faisnéis faoin Teagmhálaí Ainmnithe agus Teagmhálaí Ionaid ar taispeáint sa tseirbhís
- Nuair atá an Teagmhálaí Ainmnithe agus Teagmhálaí Ionaid tar éis freastal ar oiliúint suas chun dáta maidir le cosaint leanaí
- Nuair atá na sonraí teagmhála don fhoireann oibre sóisialta áitiúil ar dualgas agus don Gharda Síochána ar taispeáint don fhoireann
- Nuair a dhéanann an Garda Síochána grinnfhiosrú ar an bhfoireann uile
- Nuair a thuigeann na mic léinn, fostaithe, oibrithe deonacha agus tuismitheoirí uile an Cód Iompraíochta

[6] Tugtar 'tuismitheoirí' ar thuismitheoir nó caomhnóir an linbh tríd an doiciméad seo ar fad.

CONAS AN DOICIMÉAD SEO A ÚSÁID:

Tá míreanna 1-12 agus na haguisíní riachtanach don bheartas deiridh a bheidh agat. **Ní féidir an téacs a athrú** i roinnt de na míreanna toisc nach féidir imeacht *ó Tús Áite do Leanaí* cé gur féidir míreanna eile a chur in oiriúint le sonraí do chuid seirbhíse a léiriú. Mar ghearrscríobh air seo, baintear úsáid as córas soilse trách ta chun an léitheoir a threorú tríd an doiciméad.



DEARG

Ní féidir leis na míreanna seo a bheith difriúil ó *Tús Áite do Leanaí* agus níor chóir iad a athrú ná iad a leasú ar aon bhealach (féach Aguisín 8, *Tús Áite do Leanaí)*

ORÁISTE

Sna míreanna seo tá samplaí den fhoclaíocht nó treoir don bheartas i dtaobh cén fhaisnéis ar chóir a bheith i mír. Sa chás go gcuirtear sampla de bheartas ar fáil, is féidir an téacs nó an fhaisnéis a úsáid mar bhunús den fhoclaíocht i do bheartas. Is féidir an téacs sna míreanna seo a athrú agus ba chóir iad a leathnú amach agus a chur in oiriúint do riachtanais do chuid seirbhíse.

GLAS

Sna míreanna seo tá faisnéis bhreise, treoir bhreise agus pointí breise iontu le cur san áireamh.

Seicliosta Beartais um Chosaint Leanaí

An bhfuil na míreanna seo a leanas i do Bheartas um Chosaint Leanaí?	Tá	Níl	Ar siúl
Ráiteas Beartais um Chosaint agus Leas Leanaí			
Ról an Teagmhálaithe Ainmnithe (*)			
Ag Aithint, Ag Freagairt Agus Ag Tuairisciú maidir le Leas Linbh nó Drochúsáid a D'fhéadfadh a bheith ann (*)			
Ráiteas Rúndachta (*)			
Nósanna Imeachta chun Déileáil le Líomhaintí Drochúsáide Nó Faillí i gCoinne Fostaithe agus Oibrithe Deonacha			
Taifid á gCoimeád			
Cód Iompraíochta			
Earcaíocht Shlán			
Struchtúir don Ionduchtú, Oiliúint agus don Fhoireann Maoirseacht & Tacaíocht			
Ag freagairt do Ghearáin			
Bainistíocht ar Thurais/Thurais Lae ón tSeirbhís			
Ag Déileáil le Timpistí Nó Teagmhais			
Bainistíocht ar na Meáin Shóisialta (mír roghnach)			
Aguisíní e.g. sainmhínithe ar Dhrochúsáid (*), Comharthaí & Siomptóim Drochúsáide (*)			

* léiríonn sé seo mír nach féidir a athrú óna bhfuil in Tús Áite do Leanaí.

Beartais Bhreise a mbeadh baint acu leis an mBeartas um Chosaint agus Leas Leanaí:

Beartas Bulaíochta (ag brath ar aois na leanaí sa tseirbhís)
Beartas um Chlúidíní agus Úsáid Leithris
Beartas um Bainistiú a Dhéanamh ar Iompraíocht Dhúshlánach
Beartas um Chomhpháirtíocht le Tuismitheoirí nó Tuismitheoirí a Fháil Rannpháirteach
Beartas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána



1.1 Ráiteas Beartais um Chosaint & Leas Leanaí

Tá Sampla Seirbhíse tiomanta na leanaí faoinár gcúram a chosaint agus timpeallacht shábháilte a sholáthar inar féidir leo súgradh, foghlaim agus forbairt a dhéanamh.

Táimid tiomanta don chleachtas leanbhlárnach inár gcuid oibre uile leis na leanaí agus táimid ag lánchomhlíonadh *Tús Áite do Leanaí agus Ár nDualgas Cúraim*.

Aithnímid an ceart atá ag leanaí go ndéanfar iad a chosaint ó dhíobháil, go caithfear leo le meas, go n-éisteofar leo agus go gcuirfear a dtuairimí san áireamh ó thaobh ábhar a chuireann isteach orthu.

Aithníonn an bhainistíocht, na baill foirne, oibrithe deonacha agus mic léinn sa tseirbhís seo gurb é an rud is tábhachtaí ná leas na leanaí agus déanfaidh ár seirbhís gach iarracht na leanaí a chosaint trí na nithe seo a leanas a bheith againn:

- Nósanna imeachta chun ábhair imní maidir le cosaint agus leas na leanaí aithint, freagairt dóibh agus iad a thuairisciú
- Beartas rúndachta
- Cód iompraíochta don bhainistíocht, do na fostaithe, mic léinn agus oibrithe deonacha.
- Nós imeachta um earcaíocht shlán
- Nósanna imeachta le fostaithe, mic léinn agus oibrithe deonacha a bhainistiú/a mhaoirsiú
- Nós imeachta chun freagairt do thimpistí agus do theagmhais
- Nós imeachta chun freagairt do ghearáin
- Nósanna imeachta chun freagairt do líomhaintí drochúsáide nó faillí i gcoinne ball foirne.

Mar chuid den bheartas, déanfaidh an tseirbhís seo na nithe seo a leanas:-

- Ceapfar Teagmhálaí Ainmnithe chun déileáil le hábhair imní um chosaint leanaí agus Teagmhálaí Ionaid
- Cuirfear oiliúint ionduchtúcháin ar fáil maidir leis an mBeartas um Chosaint agus Leas Leanaí do gach ball foirne, oibrí deonach, mac léinn agus ball den bhord bainistíochta
- Cinnteofar go bhfreastalaíonn an fhoireann ar oiliúint um chosaint leanaí de réir mar is cuí
- Cuirfear maoirseacht agus tacaíocht ar fáil don fhoireann agus do na hoibrithe deonacha a bhíonn i dteagmháil le leanaí
- Roinnfear faisnéis faoin mBeartas um Chosaint agus Leas Leanaí le teaghlaigh agus leanaí
- Roinnfear an beartas seo leis na tuismitheoirí nuair a chláraíonn siad lenár seirbhís
- Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo gach uair a dhéantar teagmhas a thuairisciú nó gach 2 bhliain má tharlaíonn sé sin níos luaithe (cuir isteach eolas faoin duine atá freagrach as an athbhreithniú seo a dhéanamh)
- Beifear ag obair agus ag comhoibriú leis na gníomhaireachtaí reachtúla ábhartha de réir mar is gá.

1.2 An Fhreagracht Iomlán atá ar gach Fostaí, Ball den Bhord, Oibrí Deonach agus Mac Léinn

Cé go bhfuil an Teagmhálaí Ainmnithe (féach mír 2 thíos) chun tosaigh maidir le saincheisteanna a bhaineann le cosaint agus leas na leanaí, tá sé de fhreagracht ar phearsanra na seirbhíse sábháilteacht, cosaint agus folláine na leanaí atá faoi chúram na seirbhíse a chinntiú. Éilítear ar gach ball foirne, ball bainistíochta, ball den bhord, ball foirne ionaid agus oibrí deonach an Beartas um Chosaint agus Leas Leanaí a léamh, a thuiscint agus a shíniú. Táthar ag súil má bhíonn aon cheisteanna ag na baill foirne, baill den bhord nó ag na hoibrithe deonacha maidir leis an bpolasaí nó lena chur i bhfeidhm, go labhróidh siad leis an Teagmhálaí Ainmnithe.

Cinnteofar na nithe seo a leanas maidir leis an bpearsanra uile:

- Go bhfuil siad ar an eolas faoina bhfreagrachtaí agus oibleagáidí faoi *Tús Áite do Leanaí*
- Go bhfuil siad ar an eolas faoina bhfreagrachtaí maidir le hábhair imní agus/nó teagmhais a bhaineann le sábháilteacht nó folláine na leanaí a thuairisciú chuig an Teagmhálaí Ainmnithe
- Go bhfreastalaíonn siad ar oiliúint um chosaint leanaí de réir mar is cuí

Is infheidhme an beartas seo i gcónaí nuair atá na leanaí faoi chúram na seirbhíse, lena n-áirítear turais lae agus turais.

Déanfaimid cinnte de go gcloíonn na grúpaí seo a leanas leis an mbeartas seo (is liosta molta é seo – déan é a leasú de réir mar is cuí):

- Baill Foirne
- Cúntóirí Riachtanas Speisialta
- Bord Bainistíochta
- Oibrithe Deonacha
- Mic Léinn ar socrúchán
- Cuairteoirí chuig an seirbhís
- Leanaí (ag brath ar an aois)

1.3 Sainmhíniú ar Leanbh

Chun críche an bheartais seo, is é is brí le 'leanbh' ná duine ar bith atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Ag Machnamh Faoin gCur i bhFeidhm

An bhfuil gach ball foirne, ball den bhord agus oibrí deonach ar an eolas faoin mBeartas um Chosaint agus Leas Leanaí?

An gcuirtear faisnéis ar fáil faoin mbeartas seo do mhic léinn atá ar socrúchán sa tseirbhís?

Conas a chuirtear an beartas in iúl do thuismitheoirí?

2. Ról an Teagmhálaithe Ainmnithe



In Tús Áite do Leanaí éilítear go gceapann gach eagraíocht a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí Teagmhálaí Ainmnithe (TA) le faillí nó drochúsáid a thuairisciú. Tá an TA freagrach as déileáil le hábhair imní um chosaint agus leas leanaí de réir *Tús Áite* do Leanaí agus *Ár nDualgas Cúraim.*

Is é an bord bainistíochta/ bainisteoir a cheapfaidh an TA Ionaid chun tabhairt faoi na dualgais thíos nuair atá an TA ar saoire nó mura bhfuil sé/sí ar fáil ar feadh tréimhse ama fada.

Teagmhálaí Ainmnithe	Teagmhálaí Ainmnithe Ionaid
Ainm, post, sonraí teagmhála	Ainm, post, sonraí teagmhála

Líon isteach anseo

Is iad seo a leanas Ról an TA:

- Faisnéis agus comhairle a chur ar fáil maidir le hábhair imní agus saincheisteanna um chosaint agus leas leanaí do bhaill foirne na seirbhíse
- A bheith ar fáil do na baill foirne uile
- A chinntiú go bhfuil eolas acu faoi chosaint agus leas leanaí agus go dtugann siad faoi aon oiliúint a mheastar a bheith riachtanach le bheith suas chun dáta ar fhorbairtí nua
- A chinntiú go leantar an Beartas agus nósanna imeachta um Chosaint agus Leas Leanaí na seirbhíse
- A bheith freagrach as ábhair imní a thuairisciú maidir le cosaint agus leas leanaí chuig TUSLA - An Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach nó chuig An Garda Síochána
- A chinntiú go bhfuil an fhaisnéis ábhartha curtha san áireamh sa tuairisc chuig an nGníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach agus go gcuirtear an tuairisc isteach i scríbhinn (faoi chlúdach rúnda) ag baint úsáide as an bhfoirm Tuairisce Chaighdeánach (féach Aguisín (i))
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach, An Garda Síochána agus gníomhaireachtaí eile de réir mar is cuí
- Na daoine cuí laistigh den eagraíocht a choinneáil ar an eolas faoi na saincheisteanna ábhartha agus rúndacht a choimeád ag an am céanna
- A chinntiú go gcoimeádtar taifead ar chás ar leith maidir leis an ngníomh a rinne an tseirbhís, an t-idirchaidreamh le gníomhaireachtaí eile agus an toradh
- Comhairle a chur ar an eagraíocht faoi na riachtanais oiliúna um chosaint leanaí
- Cuntas nó taifead lárnach a choimeád ar na hábhair imní uile um chosaint agus leas leanaí sa tseirbhís

Teagmhálaí Ainmnithe á Cheapadh

Is ról é an Teagmhálaí Ainmnithe (TA) atá fíorthábhachtach. Tá sé tábhachtach:

- *Gur ball foirne sinsearach é/í an TA*
- *Go bhfuil eolas praiticiúil faoin eagraíocht ag an TA*
- *Go bhfuil scileanna éisteachta agus cumarsáide ag an TA*
- *Go bhfuil tuiscint ag an TA ar dhrochúsáid*
- *Go bhfuil an TA ar fáil*

Seirbhísí Pobail/Seirbhísí le Coiste Deonach Bainistíochta:

Is é an coiste bainistíochta a cheapann an TA. Go hiondúil, is é an bainisteoir an TA.

Seirbhísí Eile: Is é an t-úinéir nó an duine a roghnaíonn siad (go hiondúil an bainisteoir) an TA.

B'fhéidir go mbeidh ar sheirbhísí a fheidhmíonn i raon láithreacha níos mó ná TA amháin a cheapadh, agus a chinntiú go gcoimeádtar taifid lárnacha ag an am céanna.



3. Ag Aithint, Ag Freagairt agus Ag Tuairisciú maidir le Leas Linbh nó Drochúsáid a D'fhéadfadh a Bheith Ann

3.1 Ábhair Imní á nAithint

- Ag amanna áirithe d'fhéadfadh baill foirne agus/nó oibrithe deonacha a bheith imníoch faoi leas ginearálta agus forbairt na leanaí a bhfuil siad ag obair leo agus is féidir leo aon ábhair imní a phlé lena mbainisteoir agus/nó leis an Teagmhálaí Ainmnithe am ar bith.
- Ba chóir go mbeadh na baill foirne agus oibrithe deonacha uile a bheith ar an eolas faoi na sainmhínithe ar dhrochúsáid mar atá leagtha amach in *Tús Áite do Leanaí* (féach Aguisín (ii)) agus comharthaí agus siomptóim drochúsáide (féach Aguisín (iii)).



I gcomhréir le *Tús Áite do Leanaí*:

- Ní mór do gach duine a bheith aireach go bhféadfadh leanaí lena bhfuil siad i dteagmháil a bheith ag fulaingt de bharr drochúsáide nó faillí.
- Ba chóir a chur in iúl don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach nuair atá forais réasúnta ann a bheith imníoch go raibh nó go bhfuil drochúsáid nó faillí á d(h)éanamh air/uirthi nó go bhfuil sé i mbaol go ndéanfar drochúsáid nó faillí air/uirthi. Ba chóir ábhair imní um chosaint leanaí a thacú le fianaise a léiríonn go bhféadfadh drochúsáid nó faillí a bheith ann.

- Ba chóir ábhar imní faoi dhuine ar leith a d'fhéadfadh a bheith mar riosca do leanaí, fiú mura bhfuil na leanaí inaitheanta, a chur in iúl don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.
- Seo coimriú ar na prionsabail ba chóir a leanúint maidir le drochúsáid nó faillí leanaí a thuairisciú:

  (I) Caithfear tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus leas an linbh;

  (II) Ba chóir tuairiscí a dhéanamh gan mhoill chuig an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

- Ní mór freagra a thabhairt ar aon ábhar imní nó amhras réasúnta faoi dhrochúsáid nó faillí. Mura dtugtar aird ar na comharthaí nó mura ndéantar aon rud fúthu féadfar dochar leanúnach nó tuilleadh dochair a dhéanamh don leanbh.
- Thug Alt 176 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 isteach an cúiseamh coiriúil maidir le leanaí a chur i mbaol go mearganta. Luaitear san Alt:

  > 'Aon duine ag a bhfuil údarás nó smacht ar leanbh nó ar dhroch-úsáideoir agus a chuireann leanbh i mbaol go hintinneach nó go mearganta — (a) trína chur faoi deara, nó trína ceadú, aon duine a chur nó a fhágáil i riocht lena gcruthaítear baol substaintiúil don leanbh go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina íospartach nó ina híospartach díobhála tromchúisí nó drochúsáide gnéasaí, nó (b) trí mhainneachtain bearta réasúnacha a dhéanamh chun leanbh a chosaint ar bhaol den sórt sin agus a fhios aige nó aici go bhfuil leanbh i riocht den tsórt sin, tá sé nó sí ciontach i gcion.'

Is é an pionós a ghearrfar ar dhuine a fhaightear ciontach sa chion seo ná fíneáil (gan aon uasteorainn) nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon.

3.2 D'fhéadfá aird a thabhairt ar ábhar imní ar bhealaí éagsúla:

- Insíonn leanbh duit nó cuireann sé/sí in iúl duit go bhfuil drochúsáid á déanamh air/uirthi. Tugtar nochtadh faisnéise air seo (féach Aguisín (iv) do threoir maidir le freagairt d'fhaisnéisiú ó leanbh)
- Admháil nó léiriú ón drochúsáideoir líomhnaithe
- Ábhar imní faoi dhuine ar leith a d'fhéadfadh a bheith mar riosca do leanaí, fiú mura bhfuil na leanaí inaitheanta
- Faisnéis ó dhuine a chonaic leanbh agus drochúsáid á déanamh air/uirthi

- Fianaise de ghortú nó iompraíocht atá ag teacht le drochúsáid agus nach dóigh gur tharla sé/sí bealach ar bith eile
- Léiriú rialta thar tréimhse ama go bhfuil leanbh ag fulaingt mar gheall ar fhaillí mothúchánach nó fisiciúil
- Gortú nó iompraíocht atá ag teacht le drochúsáid, ach tugtar míniú soineanta faoi

- Ábhar imní faoi iompar nó cleachtas comhghleacaí

  Táthar ag súil go mbreathnóidh an phearsanra uile ar *Tús Áite do Leanaí* agus an *Lámhleabhar Cleachtais um Chosaint & Leas Leanaí* le haghaidh mioneolais maidir leis comharthaí agus siomptóim drochúsáide

3.3 Nósanna Imeachta chun Freagairt d'Ábhar Imní um Chosaint nó Leas Leanaí

- Ní ceart ar chúinse ar bith leanbh a fhágáil i riocht ina bhféadfaí díobháil a dhéanamh dó nó di nó go mbeadh sé nó sí i mbaol ag feitheamh ar idirghabháil ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. I gcás éigeandála agus mura bhfuil Oibrí Sóisialta ar Dualgas ar fáil, rachaidh an TA i dteagmháil leis An Garda Síochána.
- Má dhéanann an leanbh nochtadh faisnéise, déanfar taifead de i scríbhinn. Más rud é go bhfuil forais eile ann le bheith imníoch gur rinneadh drochúsáid nó faillí ar an leanbh, déanfar taifead de i scríbhinn
- Má bhíonn forais réasúnta ann a bheith imníoch (féach Aguisín (v)) comhlánóidh an TA Foirm Tuairisce Chaighdeánach gan mhoill agus cuirfear í chuig an bhFoireann Oibre Sóisialta ar Dualgas sa Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (féach thíos le haghaidh sonraí teagmhála)

Acmhainní Úsáideacha:

Is féidir teacht ar ***Tús Áite do Leanaí, an Lámhleabhar Cleachtais um Chosaint agus Leas Leanaí*** agus doiciméid eile a ndéantar tagairt orthu sa doiciméad acmhainne ar ***www.tusla.ie***.
Tá réimse leathan eolais ar an suíomh gréasáin freisin maidir le faisnéis faoi shaincheisteanna um chosaint agus leas leanaí.



Foireann Oibre Sóisialta ar Dualgas, Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach	An Garda Síochána
Ainm, post, sonraí teagmhála (Uimhir theileafóin, seoladh)	Ainm, post, sonraí teagmhála (Uimhir theileafóin, seoladh)

Líon isteach anseo

- Má bhíonn práinn leis an ábhar imní agus go bhfuil an leanbh i mbaol láithreach, déanfar an tuairisc chuig an nGníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach trí ghlao teileafóin a dhéanamh agus leanfar suas é le Foirm Tuairisce Chaighdeánach chomhlánaithe.

- I gcás éigeandála agus mura bhfuil Oibrí Sóisialta ar Dualgas ar fáil, rachaidh an TA i dteagmháil leis An Garda Síochána

- Féadfaidh an TA úsáid a bhaint as an bpróiseas maidir le comhairliúchán neamhfhoirmiúil leis an bhFoireann Oibre Sóisialta ar Dualgas chun plé a dhéanamh faoin bhfreagairt d'ábhar imní um chosaint agus leas leanaí agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil forais réasúnta ann le bheith imníoch. Déantar an comhairliúchán neamhfhoirmiúil gan ainm an teaghlaigh ná ainm an linbh a chur ar fáil. Má thugtar comhairle é seo a dhéanamh, déanfar tuairisc fhoirmiúil a sholáthar.

- Déanfaidh an TA taifeadadh ar an bhfaisnéis maidir leis an ábhar imní, ar an gcomhairliúchán neamhfhoirmiúil (má dhéantar é) agus ar na sonraí ina leith má agus nuair a chuirtear in iúl do na tuismitheoirí é

Seirbhísí Pobail/Seirbhísí le Coiste Deonach Bainistíochta: Sa chás ina mbíonn coiste deonach bainistíochta i bhfeidhm, cuirtear in iúl don chathaoirleach gach uair a dhéantar atreorú nó tuairisc a sholáthar faoin mBeartas um Chosaint agus Leas Leanaí. De réir an bheartais rúndachta, ní chuirtear aon fhaisnéis aitheantais san áireamh nuair a chuirtear é in iúl don chathaoirleach.

Seirbhísí Eile: Más rud é nach é an t-úinéir an TA cuirtear é in iúl dó/di nuair a dhéantar atreorú nó tuairisc a sholáthar faoin mBeartas um Chosaint agus Leas Leanaí.

Sonraí Teagmhála don Fhoireann Oibre Sóisialta ar Dualgas

Is féidir teacht ar liosta foirne oibre sóisialta ar dualgas anseo:

http://www.tusla.ie/services/child-protection-welfare/contact-a-social-worker

Nós imeachta nuair nach ndéantar atreorú chuig an nGníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach

- Ní bheidh forais réasúnta le bheith imníoch i gceist le gach ábhar imní. Sa chás seo, déanfar an t-ábhar imní agus aon chomhairliúchán neamhfhoirmiúil a dhoiciméadú agus coimeádfar faoi rún agus slán é.

- Cuirfidh an TA in iúl i scríbhinn don bhall foirne, oibrí deonach nó mac léinn a tharraing aníos an t-ábhar imní nach bhfuil atreorú á dhéanamh, ag léiriú na cúiseanna. Cuirfidh an TA comhairle ar an duine aonair an tuairisciú a dhéanamh iad féin nó teagmháil a dhéanamh leis an bhFoireann Oibre Sóisialta ar Dualgas agus beidh an fhoráil den *Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998* i bhfeidhm.[9]

3.4 Ag cur in iúl do Thuismitheoirí faoi Ábhair Imní um Chosaint agus Leas Leanaí

- Tá sé ríthábhachtach go mbeadh cumarsáid mhaith ann le tuismitheoirí leis na torthaí is fearr do leanaí a chinntiú agus pléifear i gcónaí aon ábhair imní faoi shláinte agus folláine linbh leis na tuismitheoirí ón tús.

- **Nuair a dhéantar ábhar imní um chosaint leanaí a thuairisciú chuig an nGníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach, tugtar le fios leis an dea-chleachtas gur chóir a chur in iúl do na tuismitheoirí faoin tuairisc ach amháin má chuirtear an leanbh i mbaol níos mó má dhéantar é sin.** B'fhéidir go lorgóidh an TA comhairle ó Rannóg Oibre Sóisialta na Gníomhaireachta Teaghlaigh maidir leis seo.

3.5 Ag freagairt d'Fhaisnéisiú Cúlghabhálach a dhéanann Duine Fásta maidir le drochúsáid a rinneadh air/ uirthi agus é/ í ina leanbh

- Ó thaobh nochtadh faisnéise cúlghabhálacha, tá sé ríthábhachtach gach ábhar imní um chosaint leanaí a scrúdú agus go dtugtar fúthu.

- Tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine fásta atá ag nochtadh faisnéise a tharla le linn a n-óige. Má thagann ball foirne ar an eolas faoi ábhar imní cúlghabhálach ba chóir dóibh an nós imeachta tuairiscithe a leanúint agus labhairt leis an TA. Má mheastar go bhfuil aon bhaol ann don leanbh a bheadh i dteagmháil leis an drochúsáideoir a bhfuil na líomhaintí déanta ina leith, ba chóir don tseirbhís an t-ábhar imní a thuairisciú chuig an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach gan mhoill.

- Féadtar faisnéis faoi na seirbhísí tacaíochta ábhartha a chur ar fáil don duine fásta más cuí.

Ag Machnamh ar an gCur i bhFeidhm

An bhfuil a fhios ag na baill foirne agus oibrithe deonacha uile cé lenar chóir dul i dteagmháil má bhíonn ábhar imní ann faoi leas linbh?

An bhfuil na huimhreacha don Fhoireann Oibre Sóisialta ar Dualgas agus An Garda Síochána ar taispeáint don fhoireann?

An bhfuil cóipeanna de Tús Áite do Leanaí agus an Lámhleabhar Cleachtais um Chosaint & Leas Leanaí ag an seirbhís?



[9] Tugann an tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 cosaint ar dhliteanas sibhialta agus ar phionósú ag fostóir má dhéantar tuairiscí chuig oifigigh ainmnithe san FSS nó An Garda Síochána go réasúnach agus de mheon macánta.

4. Ráiteas Rúndachta



- Go minic braitheann cosaint éifeachtach ar leanbh ar cé chomh toilteanach is atá na baill foirne in eagraíochtaí reachtúla agus deonacha a bhfuil baint acu le leanaí chun an fhaisnéis ábhartha a roinnt agus a mhalartú. Dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach go bhfuil tuiscint shoiléir ann maidir le freagrachtaí gairmiúla agus dlíthiúla faoi fhaisnéis a roinnt agus a mhalartú.
- Ba chóir don fhaisnéis uile maidir le hábhar imní nó measúnú ó thaobh drochúsáide leanaí a roinnt ar bhonn 'riachtanas eolais' ar mhaithe leis an leanbh leis na húdaráis reachtúla chuí.
- Ní féidir aon ghealltanais a thabhairt maidir le rúndacht. Ba chóir dóibh siúd atá ag obair le leanbh agus le teaghlach é sin a insint go soiléir do na páirtithe ar fad lena mbaineann an cás, bíodh is gur féidir insint dóibh gur féidir leo a bheith cinnte go ndéanfar an fhaisnéis go léir a láimhseáil agus na ceanglais dhlíthiúla á gcur san áireamh go hiomlán.
- Tugann na cóid eiticiúla agus reachtúla maidir le rúndacht agus cosaint sonraí treoir ghinearálta. Níl sé d'aidhm acu srian ná cosc a chur ar ghairmithe éagsúla atá freagrach as cosaint agus leas leanaí a bheith ag malartú faisnéise le chéile. Ní sárú rúndachta ná sárú ar chosaint sonraí é faisnéis a thabhairt do ghníomhaireachtaí reachtúla ar mhaithe le leanbh a chosaint.
- Ní mór a thuiscint go soiléir nach féidir faisnéis a fhaightear chun críche amháin a úsáid chun críche eile gan dul i gcomhairle leis an té a thug an fhaisnéis sin ar an gcéad dul síos.

5. Líomhaintí Drochúsáide nó Faillí i gcoinne Fostaithe[10]

5.1 Líomhaintí Drochúsáid nó Faillí i gcoinne Fostaithe, Mac Léinn nó Oibrithe Deonachas

- Agus nósanna imeachta á bhforbairt chun déileáil le líomhaintí drochúsáide nó faillí i gcoinne fostaithe moltar go lorgaíonn na seirbhísí comhairle dlí agus/nó comhairle Bainistíochta Acmhainní Daonna.

Ba chóir na nithe seo a leanas a chur san áireamh agus an mhír seo de do bheartas á forbairt:

- Tá ríthábhacht le cosaint agus leas na leanaí sa tseirbhís agus tugtar tús áite dá sábháilteacht agus dá bhfolláine. Mar sin féin, tá dualgas agus freagracht ar an seirbhís, mar fhostóir, maidir lena bhfostaithe.Tá sé tábhachtach go leantar dhá nós imeachta nuair a dhéantar líomhain drochúsáide nó faillí i gcoinne fostaí:

1. Nós imeachta tuairiscithe i dtaca le hábhar imní ar bith um chosaint agus leas leanaí
2. An nós imeachta i dtaca leis an líomhain i gcoinne an fhostaí

[10] Tabhair faoi deara go gcuimsíonn Fostaí na baill foirne choimhdeacha, mic léinn agus oibrithe deonacha uile.

5. Líomhaintí Drochúsáide nó Faillí i gcoinne Fostaithe

Moltar beirt daoine éagsúla a ainmniú chun gach nós imeachta a bhainistiú. I gcás líon beag ball foirne b'fhéidir go mbeidh gá le hiarraidh ar dhaoine seachtracha atá neamhspleách ó na páirtithe.

- Go hiondúil, is é an Teagmhálaí Ainmnithe an duine atá freagrach as an ábhar a thuairisciú chuig an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (de réir an nós imeachta tuairiscithe) agus tá an fostóir freagrach as tabhairt faoi na saincheisteanna fostaíochta.
- Má bhíonn forais réasúnacha ann leis an ábhar imní a thuairisciú ba chóir é a chur chuig an nGníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach gan mhoill.

- Le tuairisciú a dhéanamh chuig an nGníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach ní mór go mbeadh forais réasúnacha ann le hábhar imní a thuairisciú. Féadtar úsáid a bhaint as comhairliúchán neamhfhoirmiúil leis an nGníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil forais réasúnacha ann.
- Áit a bhfuil Bord Bainistíochta ann, is é siúd an fostóir. Seachas sin is é úinéir na seirbhíse an fostóir.
- Ba chóir do na baill foirne agus oibrithe deonacha uile sa tseirbhís a bheith ar an eolas faoin té lenar chóir dul i dteagmháil má thagann siad ar an eolas faoi líomhain drochúsáide nó faillí i gcoinne fostaí ar bith sa tseirbhís.
- Tá na taifid i scríbhinn an-tábhachtach: Má dhéanann leanbh nochtadh faisnéise, ba chóir don duine a fhaigheann é taifead i scríbhinn den nochtadh eolais a sholáthar a luaithe agus is féidir. Má dhéanann duine fásta líomhain drochúsáide nó faillí, ba chóir taifead i scríbhinn den líomhain a dhéanamh agus ba chóir ráiteas i scríbhinn a lorg ón duine seo.
- Má thagann fostóir ar an eolas faoi líomhain drochúsáide i leith fostaí agus é/í i mbun a chuid dualgas, ba chóir don fhostóir a chur in iúl don fhostaí go príobháideach faoi na nithe seo a leanas:

  (i) Gur rinneadh líomhain ina c(h)oinne
  (ii) An cineál líomhna.

Ba chóir deis a thabhairt don fhostaí freagairt, ba chóir an fhreagairt a nótáil agus a chur ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach in éineacht le tuairisc fhoirmiúil.

- Ba chóir taifeadadh a dhéanamh de gach céim den phróiseas.
- B'fhéidir go mbeidh gá le himscrúdú a dhéanamh agus ba chóir go mbeadh an té atá chun é seo a dhéanamh luaite sa bheartas, an tréimhse ama a bheidh i gceist agus próiseas achomhairc ar bith. Sa chás ina mbíonn líon beag foirne, is féidir iarraidh ar pháirtithe neamhspleácha agus seachtracha é a dhéanamh.
- Cibé an ndéantar nó nach ndéantar an t-ábhar a thuairisciú chuig an nGníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach, cuirtear in iúl don fhostóir i gcónaí faoin líomhain drochúsáide nó faillí i gcoinne fostaí.
- Rúndacht: Tá sé riachtanach an t-am ar fad go ndéileáiltear leis an ábhar go huile is go hiomlán faoi rún agus nach nochtar aitheantas an duine, ach amháin mar a éilítear faoi na nósanna imeachta laistigh den bheartas.
- D'fhéadfadh bearta cosanta a bheith de dhíth nuair atá imscrúdú á dhéanamh ar an líomhain. Ba chóir cloí leis na prionsabail den cheartas aiceanta, toimhde na neamhchiontachta agus na nósanna imeachta córa. Tá sé an-tábhachtach a nótáil gur bearta cosanta réamhchúramacha iad agus nach bearta cosanta araíonachta iad.
- Ba chóir don fhostóir dlúththeagmháil rialta a choinneáil leis an nGníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach agus/nó An Garda Síochána agus a chinntiú nach gcuireann gníomh ar bith a dhéanann an tseirbhís as don imscrúdú nó nach dtagann sé salach air.
- Déanfar gníomh breise a threorú leis an reachtaíocht fostaíochta, an conradh fostaíochta, na beartais agus nósanna imeachta eile den tseirbhís (an beartas araíonachta san áireamh) agus an chomhairle ó na gníomhaireachtaí imscrúdaithe.
- *Moltar go lorgaíonn na seirbhísí comhairle dlí i gcónaí nuair a dhéileáiltear le líomhaintí drochúsáide nó faillí i gcoinne fostaí.*

5.2 Tuismitheoirí agus Líomhaintí Drochúsáide nó Faillí i gCoinne Fostaithe

- Tá an ceart ag tuismitheoirí dul i dteagmháil leis an nGníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach chun líomhain drochúsáide nó faillí a thuairisciú faoin bhfostaí nó faoin seirbhís.
- Coinneofar tuismitheoirí leanaí atá ainmnithe i líomhain drochúsáide nó faillí ar an eolas faoi na gníomhartha atá beartaithe agus a dhéantar, ag feachaint do chearta daoine eile a bhfuil baint acu léi.
- Má bhíonn aon ábhar imní ann go mb'fhéidir gur rinneadh díobháil ar leanbh, cuirfear é in iúl láithreach dá t(h)uismitheoirí.

6. Taifid á gCoimeád

6.1 Taifid á gCoimeád

Ba chóir na nithe seo a chur san áireamh agus an mhír seo de do bheartas á forbairt agat:

- Faoi na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006, ní mór taifid chruinne agus suas chun dáta maidir le leanaí, baill foirne agus soláthar seirbhíse a choinneáil. Beidh fáil ag an gCigireacht Luathbhlianta (Réamhscoil) ar na comhaid chun críocha cigireachta.
- Féadfaidh tuismitheoirí fáil ar chomhaid agus taifid a leanaí féin ar iarratas ach ní bheidh fáil acu ar aon eolas faoi leanbh ar bith eile.
- Níor chóir go mbeadh fáil ach amháin ag fostaithe a bhfuil baint acu le leanbh ar leith ar chomhaid rúndachta.
- Déantar taifid a stóráil i gcomhréir leis na Rialacháin um Chúram Leanaí 2006.
- Áit a bhfuil ábhair imní um chosaint nó leas leanaí, coinneofar breathnóireacht/taifid ar bhonn leanúnach agus faisnéis a roinntear leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach de réir mar is cuí. Tá sé tábhachtach a nótáil cá háit a ndéanfar iad seo a thaifeadadh agus a stóráil.
- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm le taifid a chur i gcairtlann.
- Ba chóir gach taifead a bhainistiú i gcomhréir le Beartas um Chosaint Sonraí na seirbhíse.



7. Cód Iompraíochta

7.1 Cód Iompraíochta á Fhorbairt

- Tá Cód Iompraíochta mar chuid thábhachtach den Bheartas um Chosaint agus Leas Leanaí toisc go leagtar amach an caighdeán a bhfuiltear ag súil leis ó na fostaithe uile agus mínítear cad atá agus cad nach bhfuil inghlactha nuair atá fostaithe ag obair le leanaí.
- Is féidir an Cód Iompraíochta a úsáid leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:
  - A mhíniú do na baill foirne nua conas a oibrímid le leanaí agus cad atá inghlactha
  - A mhíniú do thuismitheoirí cad a d'fhéadfadh siadsan agus a leanbh a bheith ag súil leis ó na fostaithe sa tseirbhís
  - Comhthuiscint den dea-chleachtas a chruthú
  - Fostaí a cheistiú nuair nach bhfuil an cleachtas ar chaighdeán inghlactha
  - Tuismitheoirí a cheistiú nuair nach bhfuil an iompraíocht sa tseirbhís inghlactha
  - A bheith mar uirlis Oiliúna
- Baineann an Cód Iompraíochta leis an idirghníomhú leis na leanaí agus lena bhfuil inghlactha idir na daoine fásta agus leanaí i láthair; baineann sé leis na daoine fásta uile sa tseirbhís, na tuismitheoirí san áireamh.
- Déantar an Cód Iompraíochta a fhorbairt i gcomhairle le fostaithe, tuismitheoirí agus leanaí (más cuí) agus beidh sé éagsúil ag brath ar aois na leanaí sa tseirbhís agus scóip na seirbhíse.
- Seo a leanas roinnt ceannteideal a d'fhéadfadh a bheith i gCód Iompraíochta:
  - Gníomhaíochtaí á mBainistiú/Maoirsiú
  - Úsáid Fón Póca agus na Teicneolaíochta
  - Obair Duine le Duine
  - Teagmháil Thadhlach agus Fhisiciúil
  - Cumarsáid le Leanaí
- Ba chóir an cód iompraíochta a bheith sa Bheartas um Chosaint agus Leas Leanaí sa mhír seo nó liostaithe mar Aguisín.



7.2 Ba chóir na pointí seo a leanas a chur i do Chód Iompraíochta

- Aithnímid an tábhacht a bhaineann le Cód Iompraíochta idir an fhoireann agus leanaí mar atá molta in *Ár nDualgas Cúraim*. Coimeádtar ag déanamh athbhreithnithe ar ár gCód Iompraíochta go rialta. Tugann an Cód Iompraíochta tacaíocht do na baill foirne agus oibrithe deonacha uile le tuiscint shoiléir a bheith acu maidir lena bhfuil inghlactha i dtaca lena n-iompraíocht le leanaí.
- Aithnímid go bhfuil ceart comhionann ag leanaí dár soláthar seirbhíse i gcomhréir leis an Acht um *Stádas Comhionann* agus an *Straitéis Náisiúnta um Míchumas.*
- Táimid tiomanta do na nithe seo a leanas: -
  - Meas agus urraim a bheith againn ar gach leanbh mar dhaoine ar leith
  - Éisteacht le leanaí
  - Na leanaí a thabhairt le bheith rannpháirteach sa chinnteoireacht de réir mar is cuí
  - Na leanaí a spreagadh chun iad féin a léiriú
  - Obair i gcomhpháirtíocht leis na tuismitheoirí
  - Iompraíocht dhearfach a chur chun cinn
  - Meas a bheith againn ar an éagsúlacht
  - Na beartais chuí uile a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh le leanaí a choinneáil sábháilte.
- Ba chóir faisnéis maidir le cóimheasa leanaí le duine fásta sa tseirbhís a bheith curtha san áireamh sa mhír seo.
- Tugtar an Cód Iompraíochta do na baill foirne agus oibrithe deonacha uile ag an ionduchtúchán agus táthar ag súil leis go mbeidh an cód ar eolas ag na baill foirne agus oibrithe deonacha uile agus go n-ardóidh siad aon cheisteanna a thagann chun cinn lena gclárbhainisteoir.

- Tá dualgas ar gach fostaí cloí leis an gCód Iompraíochta agus chun aird a gclárbhainisteora a dhíriú ar sáruithe ar an gcód. Déileáiltear le Sáruithe ar an gCód Iompraíochta tríd an nós imeachta araíonachta.
- D'fhéadfaí faisnéis faoi bheartas na seirbhíse chun bainistíocht a dhéanamh ar iompraíocht a chur san áireamh sa mhír seo den bheartas.

An Cleachtas Cuí ó thaobh Forbartha de: Teagmháil Fhisiciúil Dhearfach

Tá sé riachtanach go mbeidh idirghníomhú tadhlach agus fisiciúil ann ó thaobh forbartha sláintiúla agus folláine leanaí óga. Ba chóir an chaoi ina ndéanann tú bainistíocht ar an teagmháil thadhlach agus fhisiciúil le leanaí a chur san áireamh i do Chód Iompraíochta. Uaireanta, leis an míthuiscint ar an mBeartas um Chosaint agus Leas Leanaí, bíonn cleachtóirí éiginnte faoin gcaoi leis an gcúram atá de dhíth ar leanaí a chur ar fáil.

Pointí le Cur San Áireamh:

- Tá gá le teagmháil thadhlach agus fhisiciúil ó leanaí óga agus babaithe chun forbairt a dhéanamh.
- Tá tábhacht le teagmháil thadhlach agus fhisiciúil chun leanaí óga a chur ar a gcompord agus ar a suaimhneas – breathnaigh ar fhaisnéis a chur san áireamh maidir leis an gcaoi a gcuirtear leanaí ar a gcompord i do sheirbhís.
- Ba chóir teagmháil thadhlach agus fhisiciúil a stiúradh de réir aois agus céim fhorbartha an linbh, mar shampla, tá an-difríocht idir an t-idirghníomhú fisiciúil le babaí sé mhí d'aois agus le leanbh atá 4 bliana d'aois.
- Tá gach leanbh éagsúil agus b'fhéidir go mbeidh cúnamh ag teastáil uaidh/uaithi ar bhealaí éagsúla. Ba chóir cabhrú le leanaí chun dul chuig an leithreas agus chun iad féin a ghléasadh bunaithe ar an riachtanas aonair.
- Ba chóir go mbeadh an tadhall mar fhreagairt do riachtanais linbh agus ní do riachtanais an duine fásta. Mar sin féin, ba chóir an deis a thabhairt do leanaí óga le haghaidh teagmhála fisiciúla má bhíonn sé de dhíth orthu.
- Ba chóir teagmháil thadhlach agus fhisiciúil a dhéanamh le cead ón leanbh – ba chóir urraim a thabhairt don leanbh má dhiúltaíonn sé/sí.
- Ba chóir don teagmháil thadhlach agus fhisiciúil a bheith oscailte agus níor chóir é a choinneáil faoi rún.



Ba chóir iad seo a leanas a bheith i do bheartas maidir le hearcaíocht fostaithe agus oibrithe deonacha nua:

- Déanfaimid deimhin de go roghnaítear na baill foirne agus oibrithe deonacha uile go cúramach i gcomhréir le Beartas Earcaíochta na Seirbhíse agus na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006. Déanfar na nithe seo a leanas:
  - Forbairt ar chur síos ar an bpost ina bhfuil na cáilíochtaí, scileanna agus taithí atá de dhíth do gach post leagtha amach
  - Folúntais a fhógairt go seachtrach agus chomh leathan agus is féidir
  - Iarraidh ar iarrthóirí eolas pearsanta a chur ar fáil ar an bhfoirm iarratais
  - Déanfaidh níos mó ná duine amháin na hagallaimh. Tá an painéal agallaimh, ní duine amháin, freagrach as na baill foirne/oibrithe deonacha a cheapadh
  - Ba chóir go mbeadh na próisis uile ar comhréir agus trédhearcach (i.e. na ceisteanna agallaimh comhaontaithe roimh ré, bileoga marcála agus aiseolas do na hiarrthóirí
  - Sula ndéantar fostaíocht a thairiscint, ba chóir dhá theistiméireacht ó fhostóirí (an fostóir is déanaí san áireamh) a bhí aige/aici roimhe seo a chur ar fáil, a dhearbhú agus a choimeád ar comhad
  - Sula dtosaíonn sé/sí an post, iarrfar cruthúnas aitheantais, seoladh san áireamh (pas, ceadúnas tiomána nó cárta aitheantais) agus coimeádfar ar comhad é
  - Sula dtosaíonn sé/sí an post, beidh grinnfhiosrúchán sásúil de chuid An Gharda Síochána i bhfeidhm go na baill foirne nó oibrithe deonacha uile
  - Forbairt ar na critéir faoi chinneadh a dhéanamh maidir le bheith oiriúnach sa chás go mbíonn nochtadh faisnéise grinnfhiosrúcháin (Beartas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána)
  - Ba chóir déileáil le haon ábhair imní um chosaint agus leas leanaí a thagann chun cinn tríd an bpróiseas earcaíochta trí na nósanna imeachta tuairiscithe mar atá leagtha amach i Mír 3
- Ba chóir aon cheapacháin nua a bheith faoi réir tréimhse promhaidh ar feadh tréimhse sonraithe agus ba chóir cruinniú athbhreithnithe a bheith ann sula ndeimhnítear an post
- Tabharfar conradh fostaíochta do na fostaithe uile

Comhad Pearsanra

Coimeádtar comhad cruinn pearsanra atá suas chun dáta do gach ball foirne ina bhfuil na taifid seo a leanas:

- cruthúnas aitheantais go bhfuil an duine os cionn 18 mbliana d'aois
- cruthúnas de Ghrinnfhiosrúchán sásáil de chuid an Gharda Síochána
- dhá theistiméireacht bhailí, lena n-áirítear teistiméireacht ón áit fostaíochta is déanaí
- dearbhú cáilíochtaí
- imscrúdú ar aon bhearnaí i gcúrsaí fostaíochta.



9. Ionduchtú, Oiliúint agus Maoirseacht/Tacaíocht

Ionduchtú d'fhostaithe, mic léinn agus oibrithe deonacha nua:

- Mar chuid den phróiseas ionduchtaithe, tabharfar eolas do na baill bainistíochta, baill foirne, oibrithe deonacha agus mic léinn nua uile maidir le gach gné den Bheartas um Chosaint agus Leas Leanaí, lena n-áirítear éiteas na seirbhíse, an cleachtas leanbhlárnach agus an Cód Iompraíochta, laistigh den chéad tseachtain fostaíochta.
- Beidh ceangal ar na baill bainistíochta, baill foirne, oibrithe deonacha agus mic léinn uile cloí leis an mBeartas um Chosaint agus Leas Leanaí. Éilítear orthu a dheimhniú gur léigh agus gur thuig siad an Beartas um Chosaint agus Leas Leanaí lena síniú.

Oiliúint ar Chosaint Leanaí:

- Scaoilfear leis an TA agus an TA Ionaid chun freastal ar *Oiliúint Tús Áite do Leanaí i gCónaí* agus/nó oiliúint eile iomchuí mar a aithnítear agus cinnteofar go bhfreastalaíonn an TA agus an TA Ionaid ar oiliúint um chosaint leanaí gach 3 bliana.
- Iarrfar ar na baill bainistíochta, baill foirne agus oibrithe deonacha freastal ar oiliúint um chosaint leanaí agus ar oiliúint eile iomchuí de réir mar a aithnítear é.
- Cuirfear faisnéis ar fáil do na baill foirne maidir le hoiliúint i scileanna ar leith agus chun an fhorbairt ghairmiúil agus dea-chleachtas a spreagadh.

Ag Machnamh ar an gCur i bhFeidhm

- Ar fhreastail an TA agus an TA ionaid ar an Oiliúint um *Thús Áite do Leanaí* de chuid Tusla le 3 bliana anuas?
- Ba chóir freastal ar oiliúint um chosaint leanaí gach 3 bliana.
- Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gClár Oiliúna um Chosaint Leanaí do na Luathbhlianta téigh i dteagmháil le do choiste cúram leanaí áitiúil.

Maoirseacht agus Tacaíocht Foirne

- Tá maoirseacht agus tacaíocht rialta ar fáil do bhaill foirne agus d'oibrithe foirne, trí chruinnithe duine le duine nó cruinnithe i ngrúpaí.
- Tabharfar tacaíocht do bhaill foirne agus iad ag déileáil le hábhar imní um chosaint leanaí agus lorgófar tacaíocht sheachtrach más gá. Is é an chuideachta a chlúdóidh na costais a bhaineann leis seo.

Scéim Cúnaimh i gcomhair Fostaithe:

Nuair a dhéileáiltear le hábhair imní um chosaint agus leas leanaí is féidir leis seo a bheith an-dúshlánach agus cur isteach ar chleachtóirí ar bhealaí éagsúla. Tugann cláir cúnaimh i gcomhair Fostaithe (ar nós na cinn a chuireann soláthraithe árachais shláinte ar fáil) tacaíocht rúnda agus comhairleoireacht ar fáil d'fhostaithe maidir le saincheisteanna a chuireann isteach ar aon ghné dá saol pearsanta nó gairmiúil. Le haghaidh samplaí dá leithéid de scéimeanna féach VHI, Laya Healthcare.



10. Ag Freagairt do Ghearáin

Sampla de Bheartas faoi Ag Freagairt do Ghearáin:

10.1 Ráiteas Beartais:

Oibrímid i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí trína dtuairimí a lorg agus na tuismitheoirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh in aon chinneadh a dhéantar maidir leis an seirbhís. Cuirimid fáilte roimh aon tuairimí/mholtaí maidir le soláthar na seirbhíse.

10.2 Nósanna Imeachta faoi bheith Ag Freagairt do Ghearán:

- Glacaimid lena chinntiú go dtugtar aird do gach gearán agus go ndéileáiltear leo go cothrom, go neamhchlaonta agus go rúnda.
- Déanfaimid gach iarracht na gearáin a réiteach go tapa agus go neamhfhoirmiúil trí phlé a dhéanamh le tuismitheoirí agus baill foirne de réir mar is cuí.
- Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas go bhfuil nós imeachta um ghearáin i bhfeidhm mar chuid den rollú/ nuair a ghlactar isteach an leanbh.
- Má cheapaimid go bhfuil botún déanta again nó go bhféadfaí rud éigin a dhéanamh níos fearr athróimid an bealach ina ndéanaimid rudaí ionas nach ndéanfar an botún céanna arís amach anseo.
- Is feidir le tuismitheoirí, caomhnóirí nó ionadaithe eile thar ceann na leanaí na gearáin a dhéanamh.

- Mura bhfuil tuismitheoir sásta le haon ghné den tseirbhís iarrtar orthu an fhadhb a réiteach go neamhfhoirmiúil trí phlé a dhéanamh le ceannaire an tseomra / úinéir/ bainisteoir.
- Má leanann an fhadhb ar aghaidh, má tharlaíonn sé arís nó mura bhfuil an tuismitheoir sásta leis an bhfreagairt, ba chóir an gearán a chur i scríbhinn chuig an mbainisteoir nó chuig cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta. (d'fhéadfaí sonraí teagmhála a chur san áireamh, seoladh ríomhphoist san áireamh).

Seirbhísí Pobail/Seirbhísí le Coiste Deonach Bainistíochta

- Ansin, d'fhéadfadh an Bord Bainistíochta ball den choiste a ainmniú chun bualadh leis na tuismitheoirí agus ceannaire an tseomra/bainisteoir (de réir mar is cuí) chun iarracht a dhéanamh an fhadhb a réiteach.
- Ag an bpointe seo réitítear an chuid is mó de ghearáin. Ach, má bhíonn fadhbanna eile nó fadhbanna níos tromchúisí ag eascairt as an ngearán nó mura féidir é a réiteach, ansin d'fhéadfadh an dá thaobh a aontú go bhfuil gá le tríú páirtí a bheith ann chun idirghabháil a dhéanamh maidir leis an ngearán.
- Coinneofar taifid den chruinniú seo i scríbhinn den phlé agus na comhaontuithe a rinneadh agus cuirfear cóipeanna ar fáil do thuismitheoirí, nó do bhaill foirne eile a raibh baint acu leis (de réir mar is cuí).
- Déileálfar le gach gearán in am trátha.

Seirbhísí Eile

- Mura bhfuil réiteach ar an bhfadhb go fóill iarrfaidh an t-úinéir/bainisteoir ar na tuismitheoirí a ngearán a dhéanamh i scríbhinn chuige/chuici, d'fhéadfadh cruinniú eile a bheith ann agus breacfar síos na comhaontuithe a shocrófar agus cuirfear cóipeanna chuig na tuismitheoirí agus chuig an bpearsanra iomchuí eile (de réir mar is cuí).
- Ag an bpointe seo réitítear an chuid is mó de ghearáin. Ach, má bhíonn fadhbanna eile nó fadhbanna níos tromchúisí ag eascairt as an ngearán nó mura féidir é a réiteach, ansin d'fhéadfadh an dá thaobh a aontú go bhfuil gá le tríú páirtí a bheith ann chun idirghabháil a dhéanamh maidir leis an ngearán.
- Ag brath ar an gcineál gearáin d'fhéadfaí Nósanna Imeachta Araíonachta a leanúint freisin.
- Má dhéantar gearán chuig an gCigireacht Luathbhlianta/Réamhscoile faoi aon ghné den tseirbhís seo comhoibreoimid go hiomlán leis an gCigireacht chun an fhadhb a réiteach.



Sampla Beartais: Bainistíocht ar Thurais Lae/ Thurais ón Seirbhís

11.1 Ráiteas Beartais

Tá sé mar aidhm ag an seirbhís seo eispéiris éagsúla agus fhorleithne a chur ar fáil do leanaí agus anois is arís d'fhéadfadh an tseirbhís turais lae agus turais a eagrú. Is é an polasaí atá againn ná sábháilteacht agus folláine na leanaí a chinntiú le linn na ngníomhaíochtaí seo tríd an ngníomhaíocht a phleanáil, measúnú ar rioscaí a dhéanamh uirthi, bainistíocht agus maoirseacht a dhéanamh ar an ngníomhaíocht.

11.2 Bainistíocht á déanamh ar Ghnáth-thurais

Baineann Sampla Seirbhíse úsáid as na háiseanna i bpáirc/páirc súgartha ag brath ar an aimsir. Agus na gníomhaíochtaí seo á mbainistiú agus á bpleanáil déanfaimid na nithe seo a leanas:

- A chur in iúl do na tuismitheoirí ag an rollú faoin ngníomhaíocht atá beartaithe, an modh iompair agus an mhaoirseacht atá i bhfeidhm
- Cead i scríbhinn a lorg ó na tuismitheoirí; ní bheidh leanaí in ann páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht seo ach amháin má bhíonn sé seo faighte
- A chinntiú go bhfuil an líon imleor pearsanra i láthair agus go ndéantar maoirseacht ar na leanaí an t-am ar fad
- A chinntiú go mbeidh fáil ag an duine i gceannas ar fhón póca na seirbhíse i gcás éigeandála
- Déanfar measúnú ar rioscaí den ionad/áis agus déanfar athbhreithniú air gach bliain
- A chinntiú go bhfuil dóthain árachais ann don turas
- A chinntiú go bhfuil na baill foirne ar an eolas faoi na nósanna imeachta éigeandála

11.3 Bainistíocht agus Pleanáil á déanamh ar Thurais Lae/ Thurais

Tá sé mar aidhm ag an seirbhís seo eispéiris éagsúla agus fhorleithne a chur ar fáil do leanaí agus anois is arís d'fhéadfadh an tseirbhís turais lae a eagrú. Cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh agus na gníomhaíochtaí seo á bpleanáil.

- Déanfar gach turas a phleanáil roimh ré agus déanfar measúnú ar rioscaí maidir leis na saincheisteanna seo a leanas: sábháilteacht i dtaca leis an modh iompair, áiseanna, gníomhaíochtaí, an fháil atá ag leanaí orthu a bhfuil riachtanais bhreise acu agus éigeandálaí.

Treoirlínte chun Beartas/Nós Imeachta Turas a Fhorbairt

Agus an mhír seo den bheartas á forbairt moltar do sheirbhísí breathnú ar threoirlínte na Cigireachta Luathbhlianta chun Beartas/ Nós Imeachta Turas a fhorbairt. Féach: http://www.tusla.ie/uploads/content/Pre_School_Outings_Procedures.pdf

- Cinnteoimid go gcomhlíonann an modh iompair na riachtanais shábháilteachta chuí agus an t-árachas cuí.
- Cinnteoimid go bhfuil dóthain árachais ann agus go bhfuil na cóimheasa cuí leanaí le ball foirne á gcoimeád de réir na rialachán réamhscoile agus an mheasúnaithe ar rioscaí.
- Cuirfear creatlach de mhionsonraí an turais agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis ar fáil i scríbhinn do thuismitheoirí agus gheobhfar cead ar leith ó thuismitheoir do gach turas. Iarrfar ar thuismitheoirí eolas a chur ar fáil faoi aon ailléirgí atá ag a bpáiste.
- Más cuí, tabharfar cuireadh do thuismitheoirí teacht ar an turas in éineacht lena leanaí.
- Má tá gach ball foirne ag dul ar an turas ón seirbhís, tabharfar sonraí teagmhála éigeandála do gach leanbh ar an turas.
- Déanfar maoirseacht mar is cuí ar na leanaí an t-am ar fad agus coimeádfar na cóimheasa cuí leanaí le duine fásta.
- D'fhéadfaí bearta sábháilteachta ar nós comhairimh cloigne/glaonna rolla, lipéid le hainmneacha orthu, hataí, bandaí muinchille a úsáid de réir mar is cuí.

11.4. Bainistíocht á déanamh ar Éigeandálaí agus Teagmhais Chriticiúla

- Tabharfar bosca garchabhrach agus beidh duine a bhfuil teastas garchabhrach aige/aici i láthair
- Beidh teacht ag an duine i gceannas ar fhón póca na seirbhíse i gcás éigeandála
- Déanann an tseirbhís gach iarracht rioscaí a laghdú agus sábháilteacht na leanaí uile a chinntiú an t-am ar fad. Ach, tá sé tábhachtach go bhfuil an fhoireann ullamh le haghaidh aon éigeandálaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus ó thaobh seo de, déanfar plean chun déileáil le héigeandálaí (ar nós teagmhais chriticiúla nó teagmhas ina bhfuil leanbh ar iarraidh) a fhorbairt do gach turas. Cuirfear i gcuimhne do bhaill foirne faoi aon bheartais agus nósanna imeachta iomchuí roimh an turas lae.

12. Ag déileáil le Timpistí nó Teagmhais

Sampla Beartais: Timpistí agus Teagmhais

12.1 Ráiteas Beartais

Is é an polasaí atá again ná sláinte, folláine agus sábháilteacht na leanaí uile inár seirbhís a chur chun cinn trí bheartais agus nósanna imeachta láidre a chur i bhfeidhm agus trí nósanna imeachta um chosaint timpistí agus sábháilteacht dóiteáin a fhorbairt agus a athbhreithniú go rialta. Cé go gcloímid leis na réamhchúraimí agus treoirlínte sábháilteachta uile, d'fhéadfadh timpistí a bheith ann.

12.2 Nósanna Imeachta chun Freagairt do Thimpiste/Theagmas

- Cinnteoimid go bhfuil an phearsanra uile ar an eolas faoi na huimhreacha éigeandála agus go bhfuil siad ar taispeáint go breá soiléir.
- Cinneoimid go bhfuil Oiliúint Garchabhrach ag an phearsanra chuí uile atá suas chun dáta agus go bhfuil fáil ar Bhosca Garchabhrach ina bhfuil gach rud.
- Tugtar tús áite i gcónaí do shábháilteacht agus leas an linbh má ghortaítear leanbh nó má bhíonn timpiste ann.
- Tar éis na timpiste, a luaithe is atá sé indéanta, déantar an Fhoirm Tuairisce timpiste a chomhlánú agus a thaifeadadh sa leabhar/ loga Timpistí.
- Cuirtear in iúl don bhainisteoir/úinéir/chathaoirleach faoi na timpistí nó teagmhais atá tromchúiseach.
- Cuirtear in iúl do na tuismitheoirí i gcónaí faoi theagmhais nó timpistí lena mbíonn baint ag a leanbh agus iarrtar orthu an fhoirm chuí a shíniú.
- Déanfaidh an bainisteoir athbhreithniú ar na tuairiscí timpistí agus teagmhas gach bliain.



13. Beartas Meán Sóisialta

Baineann a lán seirbhísí úsáid as na meáin shóisialta mar uirlis bhreise chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus teaghlaigh. Má bhíonn seirbhís ag baint úsáide as na meáin shóisialta moltar beartas a bheith i bhfeidhm agus ba chóir na pointí seo a leanas a chur san áireamh agus é á fhorbairt.

Cuspóir Úsáid na Meán Sóisialta:

- Ba chóir ráiteas i scríbhinn a bheith sa bheartas faoin gcuspóir a bhaineann le bheith rannpháirteach sna meáin shóisialta agus ba chóir do sheirbhísí a bheith soiléir faoin gcuspóir a bhaineann leis an úsáid a bhaineann siad as na meáin shóisialta. An mbaintear úsáid astu chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí? Chun an tseirbhís a chur chun cinn? Chun eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí? Chun aiseolas a lorg? Chun eolas a chur ar fáil faoi acmhainní pobail?
- Tá treoir shoiléir de dhíth d'fhostaithe maidir lena bhfuil oiriúnach le cur ar shuíomhanna meán sóisialta na seirbhíse.
- Níor chóir na meáin shóisialta a úsáid ach amháin le cumarsáid a dhéanamh maidir le hábhair ghairmiúla a bhaineann leis an seirbhís.

Riarthóir Meán Sóisialta:

- Ba chóir riarthóir meán sóisialta a bheith ceaptha ag an seirbhís chun rannpháirtíocht na meán sóisialta a bhainistiú. Ceann amháin dá róil ná na postálacha meán sóisialta uile a dheimhniú (iad siúd a thagann ó na tuismitheoirí san áireamh) sula ndéantar iad a fhoilsiú ar líne.
- Ní dhéanfar teagmháil le leanaí sa tseirbhís ar na meáin shóisialta. Ó thaobh Facebook de, ní dhéanfar 'cairdeas' le Leanaí sa tseirbhís.

Cead & Íomhánna

- Tá cead de dhíth ó thuismitheoirí sular féidir íomhá de leanbh a úsáid ar na meáin shóisialta.
- Cuir san áireamh na gléasanna a úsáidtear chun íomhánna de leanaí a thógáil – ba chóir go mbeadh sé seo ar threalamh na seirbhíse agus gan a bheith ar fhóin na bhfostaithe.
- Tá íomhánna de leanaí clúdaithe leis an Reachtaíocht um Chosaint Sonraí.
- Sa bheartas ba chóir a lua cé chomh fada is a bheidh na híomhánna ar an suíomh meán sóisialta.
- Ba chóir do bhainisteoirí machnamh cúramach a dhéanamh faoin úsáid a bhaineann na baill foirne as a bhfóin phóca phearsanta fad is atá siad ag obair le leanaí.



- Cuir faoi chaibidil i gcónaí cibé an gá íomhá linbh a phostáil ar líne. Tá loirg coise á gcruthú againn do leanaí nach bhfuil siadsan in ann a cheadú.
- Ná déan íomhá de leanbh ina bhfuil eolas aitheantais a phostáil riamh
- Tabhair aire gan an mothú a chruthú go bhfuil deighilt i ngrúpaí leanaí nó go bhfuil roinnt leanaí i leataobh (mar shampla mura bhfuil cead ag na leanaí uile go mbeadh a n-íomhá ar Facebook, ansin an bhfuil grianghraf den ghrúpa oiriúnach?)
- Cinntigh go bhfuil na leanaí gléasta go cuí sula ndéantar an íomhá a phostáil.

Imeachtaí Seirbhíse

- Iarr ar na tuismitheoirí gan íomhánna de leanaí daoine eile ar líne a roinnt. Beidh meas ag an gcuid is mó de thuismitheoirí air seo.

14. An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015

An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 – Reachtaíocht Nua um Chosaint Leanaí

Reachtaíocht Nua: Ritheadh an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015. Beidh tionchar aige seo ar sheirbhísí na luathbhlianta – tabharfar isteach an reachtaíocht ar bhonn céimnithe agus tá an t-eolas seo curtha isteach **chun críocha eolais amháin** agus chun cuidiú leis na seirbhísí agus iad ag ullmhú do na riachtanais nua.

An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015

Cuid lárnach de chóras um chosaint leanaí na hÉireann is ea *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (2011) a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh. Sa treoir náisiúnta seo tá creatlach ar fáil chun cuidiú le daoine aonair agus le gníomhaireachtaí atá ag obair le leanaí teagmhais maidir le drochúsáid leanaí a aithint agus na nósanna imeachta atá le leanúint chun aon ábhair imní a thuairisciú chuig na húdaráis chuí.

An aidhm atá ag an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 ná freagairt na ngníomhaireachtaí uile um chosaint leanaí a neartú agus nuair a dhéantar é a achtú go hiomlán, beidh bonn reachtúil ag gnéithe de *Thús Áite do Leanaí* – ciallaíonn sé seo go mbeidh ceanglais dhlíthiúla nua ag seirbhísí na luathbhlianta maidir le cosaint leanaí. Cé gur ritheadh an tAcht i ngach cuid den Oireachtas, níor tosaíodh na hailt a bhainfidh le seirbhísí na luathbhlianta go fóill.

Cad a bheidh i gceist leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 do Sheirbhísí na Luathbhlianta?

Nuair a bhíonn tosach feidhme iomlán leis an Acht, leagfar freagrachtaí breise ar sheirbhísí na luathbhlianta agus beidh oibleagáid dhlíthiúil orthu na riachtanais nua seo a chomhlíonadh. Is é a bheidh i gceist ná go mbeidh an reachtaíocht ag feidhmiú taobh le taobh le hoibleagáidí neamhreachtúla atá ann cheana féin agus curtha ar fáil in *Tús Áite do Leanaí*.

- ***Ráiteas um Chumhdach Leanaí***

Beidh ar sheirbhísí na luathbhlianta Ráiteas um Chumhdach Leanaí a bheith acu. Sa ráiteas beidh beartas um chosaint agus leas leanaí, in éineacht le gnéithe eile ar nós measúnú ar rioscaí. Déanann an reachtaíocht foráil do Chlár neamhchomhlíonta do na soláthraithe úd nach gcuireann, ar iarratas, cóip den Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar fáil do Tusla.

- ***Beidh Oibrithe Luathbhlianta mar Thuairisceoirí faoi Shainordú***

Is é atá i gceist le tuairisceoirí faoi shainordú ná daoine, de bharr a gcuid oiliúna, freagrachtaí agus taithí, ar chóir a bheith ar an eolas faoi shaincheisteanna a bhaineann le cosaint leanaí. Oibríonn na daoine gairmiúla seo le leanaí nó le daoine óga nó tá siad sna hearnálacha seirbhíse a chasann le daoine fásta nó teaghlaigh agus leanaí áit a bhfuil baol drochúsáide agus faillí ann.

Beidh dualgas ar thuairisceoirí faoi shainordú eolas a thuairisciú maidir le drochúsáid leanaí a thugann siad suntas dó le linn thréimhse a ndualgas gairmiúla nó fostaíochta. Beidh dualgas orthu freisin aon nochtadh eolais de dhrochúsáid ó leanbh a thuairisciú. Chomh maith leis na hoibrithe luathbhlianta, tá réimse leathan de ghrúpaí eile lena n-áirítear múinteoirí, dochtúirí ginearálta agus altraí ainmnithe sa reachtaíocht agus beidh siad mar thuairisceoirí faoi shainordú.

Faoin reachtaíocht nua, d'fhéadfadh tuairisceoirí faoi shainordú a bheith faoi dhualgas comhoibriú leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, má iarrtar orthu, maidir le measúnú a dhéanann an Ghníomhaireacht ar ábhair imní um leas agus chosaint leanaí.

Tabharfar na riachtanais nua isteach ar bhonn céimnithe i gcomhar leis an treoir agus na tacaíochtaí nua.

Ag ullmhú don Acht um Thús Áite do Leanaí 2015

- Tabhair do bheartas um chosaint & leas leanaí suas chun dáta nó déan athbhreithniú air

- Smaoinigh ar an gcaoi ina gcuirtear do bheartas um chosaint agus leas leanaí i bhfeidhm

- Oiliúint um chosaint leanaí – cinntigh go mbíonn oiliúint um chosaint leanaí atá suas chun dáta ag an TA agus an TA ionaid agus aon bhaill foirne eile a bhfuil ról ceannaireachta acu

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 féach ***www.tusla.ie/children-first/children-first-act-2015/***

Tá roinnt faisnéise nach mór a bheith curtha i do **Bheartas um Chosaint agus Leas Leanaí** agus moltar nach n-athraítear é seo bealach ar bith. Tá liosta de na hAguisíní molta thíos:

B'fhéidir go mbeidh aguisíní breise de dhíth agus d'fhéadfadh sé a bheith mar bhealach úsáideach leis na foirmeacha ar fad a bhaineann leis an mBeartas um Chosaint agus Leas Leanaí a choimeád le chéile.

Aguisín (i) Foirm Tuairisce Chaighdeánach (féach http://www.tusla.ie/children-first/publications-and-forms)

Aguisín (ii) Sainmhínithe ar Dhrochúsáid as *Tús Áite do Leanaí* (lgh. 8-10)

Aguisín (iii) Comharthaí agus Siomptóim de Dhrochúsáid as *Tús Áite do Leanaí* (lgh. 70-74)

Aguisín (iv) Treoir maidir le freagairt do nochtadh faisnéise as an *Lámhleabhar Cleachtais um Chosaint agus Leas Leanaí* (Mír 5)

Aguisín (v) Forais Réasúnacha chun Tuairisciú a dhéanamh maidir le hábhar imní um chosaint agus leas leanaí as *Tús Áite do Leanaí*

Is é an Coiste Náisiúnta Tús Áite do Leanaí do na Luathbhlianta a d'fhorbair Clár Náisiúnta na Luathbhlianta um Chosaint Leanaí. Is é an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a bhunaigh an coiste idirghníomhaireachta, chun tacú le cur i bhfeidhm *Tús Áite do Leanaí* san earnáil luathbhlianta. Is é atá a chlár ná Clár Náisiúnta Oiliúna um Chosaint Leanaí do na seirbhísí luathbhlianta agus tacaíocht do chur i bhfeidhm Beartais um Chosaint agus Leas Leanaí.

Is é an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a thug maoiniú don acmhainn seo.

Is iad seo a leanas na heagraíochtaí atá ar **Choiste Náisiúnta Tús Áite do Leanaí do na Luathbhlianta:**





Coiste Cúram Leanaí Chathair Chorcaí

Forbairt Naíonraí Teoranta

Barnardos

Coiste Cúram Leanaí Chathair Bhaile Átha Cliath

Coiste Contae Fhine Gall um Chúram Leanaí

Luath-Óige Éireann

An tSeirbhís Cigireachta Luathbhlianta/Réamhscoile

Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach

Coiste Cúram Leanaí Chontae Lú

Feighlíocht Leanaí na hÉireann

Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí

Comhar Naíonraí na Gaeltachta

pobal

government supporting communities

An Roinn Leanaí
agus Gnóthaí Óige

Department of
Children and Youth Affairs